

Institiúid Teicneolaíochta Cheatharlach



INSTITUTE *of*
TECHNOLOGY

CARLOW

At the Heart of South Leinster

SCÉIM TEANGA 2017 – 2020
Institiúid Teicneolaíochta Cheatharlach
Faoi Alt 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

LANGUAGE SCHEME 2017-2020
INSTITUTE OF TECHNOLOGY CARLOW
Under Section 11 of the Official Languages Act 2003

Márta 2017

CLÁR na nÁBHAR

| | Leathanach |
|---|------------|
| Réamhrá | 3 |
| 1. Réamhrá agus Cúlra | 4 |
| 1.1 Cúlra | 4 |
| 1.2 Cur le chéile | 4 |
| 1.3 Grúpa Oibre | 4 |
| 1.4 Dáta Tosaithe | 5 |
| 2. Céannacht Institiúid Teicneolaíochta Cheatharlach | 6 |
| 2.1 Forléargas | 6 |
| 2.2 Ráiteas Misin | 6 |
| 2.3 Spriocanna agus Straitéis | 6 |
| 2.4 Lucht leasa | 7 |
| 2.5 Struchtúir na hInstitiúide | 7 |
| 3. Gealltanas | 10 |
| 3.1 Forléargas | 10 |
| 3.2 Faisnéis a Sholáthar | 10 |
| 3.3 Poibliú | 12 |
| 4. Cur i bhFeidhm | 13 |
| 5. An Scéim Teanga a Fhoilsiú | 14 |
| Aguisín 1 – Cáipéisíocht a chur ar fáil go Dátheangach | |
| Aguisín 2 – Cairt Eagraíochtúil IT Cheatharlach | |

RÉAMHRÁ

Is é seo an chéad scéim de chuid Institiúid Teicneolaíochta Cheatharlach faoi alt 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 (dá dtagraítear feasta 'an tAcht').

Is ann di go príomha chun an tAcht a neadú i ngníomhaíochtaí leanúnacha IT Cheatharlach agus feabhsóidh sí acmhainn na hInstitiúide chun ceanglais an Achta a chomhlíonadh.

CAIBIDIL 1

Réamhrá agus Cúlra

1.1 Cúlra

Forálann Alt 11 den Acht go n-ullmhóidh comhlachtaí poiblí Scéim reachtúil a mhionsonraíonn na seirbhísí a chuirfidh siad ar fáil:

1. as Gaeilge
2. as Béarla
3. as Gaeilge agus as Béarla.

Bearta a chuirfear i bhfeidhm chun a chinntiú go gcuirfear na seirbhísí sin nach gcuirtear ar fáil as Gaeilge faoin gcéad Scéim Teanga de chuid IT Cheatharlach ar fáil laistigh de thréimhse aontaithe.

Faoi láthair, is as Béarla a chuirtear formhór gach seirbhís ar fáil in Institiúid Teicneolaíochta Cheatharlach.

Féach *Aguisín 1* mar a bhfaighfear liosta den cháipéisíocht atá ar fáil in Institiúid Teicneolaíochta Cheatharlach mar aon le leid i dtaobh a mbeith ar fáil as Béarla nó as Gaeilge nó sa dá theanga.

1.2 Cur le chéile

Forálann Alt 12 den Acht d'ullmhú treoirínte ag an Aire Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta agus a n-eisiúint chuig comhlachtaí poiblí d'fhonn cuidiú le hullmhú na ndrúachtscéimeanna.

Cuireadh an Scéim le chéile, ag féachaint do na treoirínte sin agus de bhun comhairliúcháin nach beag le mic léinn, le baill foirne agus le hionadaithe ó lucht leasa seachtrach.

Foilsíodh fógra poiblí faoi *Alt 13* den Acht, lenar fáiltíodh roimh uirill i dtaca le Scéim IT Cheatharlach a chur le chéile. Seoladh ríomhphost chuig mic léinn féachaint cén leibhéal reatha éilimh atá ar sheirbhísí as Gaeilge agus cén spéis atá iontu. Cuireadh suirbhé ar an bhfoireann féachaint cé na leibhéil inniúlachta sa Ghaeilge atá ann faoi láthair agus cén dearcadh atá acu i leith úsáid na Gaeilge. Is mór ag an Institiúid an t-am a chaith na daoine sin i mbun an phróisis seo agus an dua a chaith siad leis.

Leagann an Scéim seo amach spriocanna a leag IT Cheatharlach amach di féin don tréimhse trí bliana seo romhainn amach agus tá réimsí tosaíochta sonraithe (féach mír 3.2 thíos). Is é Feidhmeannas Sinsearach na hInstitiúide a bheidh freagrach tríd is tríd as an monatóireacht agus an athbhreithniú.

1.3 Grúpa Oibre

De réir an Achta, bhunaigh an Feidhmeannas Sinsearach grúpa oibre, an Coiste Gaeilge, chun an Scéim a chur le chéile le haghaidh tréimhse trí bliana in-athnuaite (féach Caibidil 4). Is iad baill an Choiste sin:

- An Leas-Uachtarán um Ghnóthaí Acadúla & Cláráitheoir (Cathaoirleach)
- An Bainisteoir Riaracháin Acadúil agus Ghnóthaí na Mac Léinn
- An Bainisteoir Acmhainní Daonna

- An Leabharlannaí
- An Leabharlannaí Liaison le Dámh na hInnealtóireachta

1.4 An dáta atá beartaithe chun tús a chur leis an Scéim

Tá an scéim seo daingnithe ag an Aire Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta agus cuirfear tús léi le héifeacht ó 10 Aibreán 2017

Beidh an Scéim seo i bhfeidhm ar feadh tréimhse 3 bliana nó go dtí go ndéanfaidh an tAire scéim nua a fhaomhadh de bhun Alt 15 an Achta, pé acu is déanaí.

CAIBIDIL 2

Céannacht Institiúid Teicneolaíochta Cheatharlach

2.1 Forléargas

Is Institiúid uathrialaitheach í Institiúid Teicneolaíochta Cheatharlach, a bunaíodh faoi reachtaíocht na hÉireann, go sonrach na hAchtanna um Institiúidí Teicneolaíochta 1992-2006. Bhronn Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI), arb é sin an comhlacht reachtúil atá freagrach as an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí agus as maoirseacht a dhéanamh ar Dheabhrú Caighdeáin an tsoláthair oideachais agus oiliúna in Éirinn, Údarás Tarmligthe ar an Institiúid. Tugann an tÚdarás Tairmligthe sin an chumhacht do IT Cheatharlach dámhachtainí go Leibhéal 9 ar an NFQ a dhéanamh i gcás clár múinte. Anuas air sin, tá Údarás Tairmligthe ag IT Cheatharlach go Leibhéal 10 i réimsí taighde na hEolaíochta Bitheolaíochta, Móilíní agus Comhshaoil.

Bunaíodh IT Cheatharlach i 1970 agus tá sí suite i lár réigiún Laighean Theas (ina bhfuil contaetha Cheatharlach, Loch Garman, Chill Mhantáin, Chill Dara, Laoise agus Chill Chainnigh), agus ar imeall Réigiúin an Lár-Oirthir agus an Oirdheiscirt (Fíor 1). Tá IT Cheatharlach ar an gceathrú hInstitiúid is mó as na 14 Institiúid Teicneolaíochta (IT) sa tír (ó thaobh coibhéisí foghlaimoirí lánama). Cuireann IT Cheatharlach clár ardoideachais lánaimseartha ar fáil, mar aon le deiseanna taighde agus forbartha fiontair, trína hionaid i gCeatharlach agus i Loch Garman. Cuireann an Institiúid clár foghlama ar feadh an tsaoil ar fáil freisin i gCeatharlach, i Loch Garman, i gCill Mhantáin, i gCill Dara (an Currach), i Sionainn, i mBaile Átha Cliath (An Cosán) agus le déanaí i Maigh Eo agus i Muineachán de thoradh iarratas ó Choistí Cúraim Leanaí Chontae Mhaigh Eo agus Mhuineacháin.

Tá ról ríthábhachtach ag an Institiúid maidir le dlús a chur faoi fhorás agus faoi fhorbairt Cheatharlach agus an réigiúin máguaird. In 2014, d'fhógair The Sunday Times gurbh í IT Cheatharlach Institiúid Teicneolaíochta na Bliana 2013-14.

2.2 Ráiteas Misin

Is é Misean Institiúid Teicneolaíochta Cheatharlach an rannpháirteachas, an fhoghlaim, an dúshlán agus an nuálaíocht arna gcur chun cinn i dtimpeallacht oideachais agus i gcomhthéacs ina dtugann foghlaimoirí faoi léann an ardoideachais agus faoin taighde go leibhéal dochtúireachta

Trí chultúr an fhiosrúcháin, na nuálaíochta agus an fheabhais tugaimid dúshlán na bhfoghlaimoirí, na foirne, na gcomhpháirtithe domhanda agus lucht leasa eile d'fhonn eolas agus luachanna a chruthú, a chur i bhfeidhm agus a roinnt in Institiúid thacúil agus bhríomhar ar leibhéal ollscoile.

Sainíonn an rannpháirtíocht le lucht gnó, leis an rialtas, leis an bpobal agus leis na hearnálacha deonacha ról ceannaireachta Institiúid Teicneolaíochta Cheatharlach i bhforbairt an réigiúin seo againne agus an náisiúin.

2.3 Spriocanna agus Straitéis

Spríoc 1. Eispéireas an Fhoghlaimeora agus Tréithe na gCéimithe

Bainfimid an leas is fearr is féidir as eispéireas an fhoghlaimeora d'fhonn tacú le tréithe iarchéimithe a fhorbairt a fhreastalóidh ar riachtanais foghlaimeoirí agus shochaí na linne seo.

Spríoc 2. Eolas a chruthú, a chur i bhfeidhm agus a roinnt

Cuirfimid lenár gcumas agus forbróimid ár saineolas laistigh d'fhearainn chroíláir. Déanfaimid eolas a chruthú, a chur i bhfeidhm agus a roinnt d'fhonn céimithe ardoilte a chinntiú mar aon le smaointe a chuirfidh dlús faoi chruthú agus faoi fhorbairt na fiontraíochta.

Spríoc 3. Comhoibriú agus Comhpháirtíochtaí Straitéiseacha

Tógfaimid ar ár gcomhpháirtíochtaí agus ar an gcomhobair straitéiseach atá ar siúl againn go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Cuireann siad sin lenár gcumas, lenár dteagmháil sheachtrach agus leis an tionchar a bhíonn againn.

Spríoc 4. Tionchar ar an tSochaí, ar an nGeilleagar agus ar an Timpeallacht

Treiseoimid an rannpháirtíocht a dhéanaimd leis na réigiúin, leis na pobail agus leis na hearnálacha a bhfónaimid orthu. Cinnteoimid deiseanna rochtana agus forchéimniúcháin. Roinnfimid an t-eolas agus na hacmhainní atá againn agus foghlaimeoimid ó aiseolas ón lucht leasa ionas go leanfaimid orainn ag cur leis an gcion a dhéanaimid maidir le sochaí chruthaitheach, inbhuanaithe agus chothrom a fhorbairt.

Spríoc 5. Cáilmheas, Muinín an phobail agus Inbhuanaitheacht

Leanfaimid orainn ag forbairt eagraíochta atá dírithe ar an idirnáisiúnú, lena mbainfidh cultúr maith féinmheastóireachta, piar-athbhreithniúcháin agus cáilíochta, agus muid ar thóir na gcaighdean idirnáisiúnta is airde soláthar, trédhearcacht agus maoirseacht i dtaca lenár gcuid acmhainní.

2.4 Lucht Leasa

Is iad na foghlaimeoirí príomhlucht leasa IT Cheatharlach. Idirghníomhaíonn an Institiúid leo seo a leanas freisin:

| Ranna Rialtais | Foghlaimeoirí |
|--|---|
| An tÚdarás um Ard-Oideachas | Scoileanna Dara Leibhéal |
| THEA (An tÚdarás um Ard-Oideachas Teicneolaíochta) | Treoirchomhairleoirí an oideachais dara leibhéal agus soláthróirí FETAC |
| Boird Oideachais agus Oiliúna | Foghlaimeoir Lánfhásta |
| SOLAS | Céimithe |
| Fiontraíocht Éireann | Tuismitheoirí na bhfoghlaimeoirí |
| Lucht Tionscail agus Fostóirí | Comhpháirtithe Comhoibre, <i>e.g.</i> , na Fórsaí Cosanta, An Cosán. |
| Comhairlí Contae | Forais Oideachais Idirnáisiúnta |
| Cumann Lucht Tráchtála | Eagraíochtaí Oideachasúla |
| Muintir Cheatharlach agus an cheantair máguaird | Eagraíochtaí Deonacha |

Tarlaíonn cumarsáid le lucht leasa go foirmiúil agus go neamhfhoirmiúil ar na slite seo a leanas:

- Comhfhreagras

- Ríomhphost
- Suíomh idirlín na hInstitiúide
- Na meáin áitiúla agus náisiúnta
- Ionadaíocht ar choistí, ar bhoird tionscail, etc.
- Ionadaíocht agus ballraíocht de bhoird dhifriúla ar leibhéal áitiúil, réigiúnach, náisiúnta agus idirnáisiúnta.

2.5 Struchtúir Institiúideacha

Rialachas

Is é príomhfheidhm an Údaráis Rialaithe gnóthaí na hInstitiúide a bhainistiú agus a rialú. An tUachtarán a rialaíonn agus a stiúirann gníomhaíochtaí na hInstitiúide agus atá freagrach as bainistíocht éifeachtúil agus cheart na hInstitiúide. Is é príomhfheidhm an Fheidhmeannais Shinsearaigh cuidiú leis an Uachtarán chun beartas na hInstitiúide a chur i bhfeidhm agus maoirseacht a dhéanamh ar fhorbairt agus ar chur i ngníomh na pleanála straitéisí san Institiúid.

An Chomhairle Acadúil

Cuidíonn an Chomhairle Acadúil leis an Údarás Rialaithe i dtaca le hobair oideachais na hInstitiúide a phleanáil, a chomhordú, a fhorbairt agus a mhaoirsiú mar aon le caighdeán acadúla chláir agus ghníomhaíochtaí na hInstitiúide a chosaint, a chothú agus a fhorbairt.

Dámha agus Ranna Acadúla

Tá an Institiúid roinnte ina cúig ionad acadúla; cuireann gach ceann díobh seirbhísí oideachais ar fáil ar leibhéal fochéime agus iarchéime.

| Dámh an Ghnó agus an tSruithléinn | Dámh na hInnealtóireachta | Dámh na hEolaíochta | Dámh na Foghlama ar Feadh an tSaoil | Campas Loch Garman |
|--|---|--|--|--|
| Roinn an Ghnó | Roinn na hInnealtóireachta Aerspáis, Meicniúla agus Leictreonaí | Roinn na Ríomhaireachta agus an Líonraithe | Foghlaim ar feadh an tSaoil Champas Cheatharlach | Cláir Lánaimseartha ar Champas Loch Garman |
| Roinn an tSruithléinn | Roinn na Timpeallachta Tógtha agus an Champais Shínte | Roinn na hEolaíochta agus na Sláinte | Foghlaim ar feadh an tSaoil Champas Loch Garman | |
| Roinn an Spóirt, na Meán agus na Margaíochta | | | Foghlaim ar feadh an tSaoil Champas Loch Garman | |

Tacaí Feidhmiúcháin agus Riaracháin

Léiríonn an struchtúr tacaí seo a leanas iliomad gníomhaíochtaí na hInstitiúide:

| Oifig | Réimse feidhme |
|--|--|
| An tUachtarán | |
| An Leas-Uachtarán um Ghnóthaí Acadúla & Cláráitheoir | An Chomhairle Acadúil & An Coiste Riaracháin Riarachán Acadúil An Leabharlann agus Acmhainní Foghlama Teagasc agus Foghlaim Dearbhú agus Feabhsú Cáilíochta Seirbhísí Tacaíochta do Mhic Léinn Spórt agus Áineas |
| An Leas-Uachtarán um Ghnóthaí Corparáideacha | An tÚdarás Rialaithe & An Coiste Riaracháin Airgeadas Acmhainní Daonna Seirbhísí Ríomhaireachta Eastáit |
| An Leas-Uachtarán um Fhorbairt agus Thaighde | Léann agus Taighde Iarchéime Forbairt agus Gorranna Fiontraíochta Idirnáisiúnta (AE agus Neamh-AE) Cumarsáid |

Tá Cairt Bhainistíochta na hInstitiúide le fáil in *Aguisín 2*.

Pobal na Foirne agus na Mac Léinn

Foghlaimoírí

Tá um 7,000 foghlaimoír cláraithe le hInstitiúid Teicneolaíochta Cheatharlach sa bhliain acadúil 2016-17, agus iad ag déanamh staidéar lánaimseartha nó páirtaimseartha ar chlár ó Leibhéal 6 go Leibhéal 10 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí.

Conairí iontrála chuig clár IT Cheatharlach:

1. Ó scoileanna dara leibhéal na hÉireann (i gcás fhormhór na n-iontrálaithe nua)
2. Coláistí FETAC
3. Mic léinn mhalairte ó chomhcholáistí san AE
4. Mic léinn idirnáisiúnta ó thíortha lasmuigh den AE *e.g.*, An Mhalaeisia, An tSín, Óman.
5. Mic léinn lánfhásta (tá méadú ag teacht go seasta ar an gconair iontrála seo agus is ionann í agus 6.25% den chóhort reatha mac léinn faoi láthair).

An fhoireann

Tá um 800 ball foirne in Institiúid Teicneolaíochta Cheatharlach; ina measc tá baill acadúla, riaracháin, teicniúla agus na seirbhísí tacaíochta.

CAIBIDIL 3 Gealltanais

3.1 Forléargas

Aithníonn an Institiúid go hiomlán na dualgais atá uirthi, mar chomhlacht poiblí, i dtaca le seirbhísí a sholáthar as Gaeilge agus cearta an phobail leas a bhaint as na seirbhísí sin. Aithníonn an Institiúid a bhunúsáí atá cearta na Gaeilge agus an gá atá ann caitheamh leis an dá theanga oifigiúla go crothrom agus fáiltímid roimh na daoine sin ar mian leo déileáil leis an Institiúid as Gaeilge agus spreagaimid é sin. Tuigeann an Institiúid, áfach, agus dearcadh dearfach i leith soláthar seirbhísí as Gaeilge á ghlacadh againn, go bhfuil leibhéal an tsoláthair reatha an-íseal.

Leagfaidh IT Cheatharlach spriocanna amach a meastar ina leith gur féidir iad a bhaint amach laistigh de thrí bliana.

- Cumas na hInstitiúide a fheabhsú i dtaca le seirbhísí a chur ar fáil as Gaeilge, agus béim á leagan ar sholáthar seirbhísí céad líne do lucht leasa.
- Aird na mball foirne a tharraingt ar Scéim Teanga 2016-19.
- Inniúlacht na foirne sa Ghaeilge a fheabhsú trí oiliúint agus fhorbairt foirne.
- Seirbhís a fhorbairt do mhic léinn i dtaca le teacht ar cháipéisíocht dhátheangach agus i dtaca le seirbhís theoranta ó bhéal duine ar dhuine i réimsí ainmnithe.
- Íomhá agus timpeallacht chorparáideach dhearfach dhátheangach a chothú.
- Córas foirmiúil a chur le chéile i dtaca le monatóireacht a dhéanamh ar an éileamh a bhíonn ar sheirbhísí as Gaeilge.

3.2 Faisnéis a sholáthar

Déantar na gealltanais seo a leanas chun tacú leis an gcéad Scéim Teanga in Institiúid Teicneolaíochta Cheatharlach:

| Tag. | MÍR | Mheasta Amlíne |
|------|---|--|
| 1 | Fiosrófar cláir agus modúil a chur ar fáil as Gaeilge. D'fhonn é sin a dhéanamh, oibreoidh an Institiúid i gcomhar le hInstitiúidí Teicneolaíochta eile, e.g. Grúpa Chnuasach Réigiúnach an Deiscirt, agus é mar chuspóir aici an fhreagracht a roinnt de réir bhuanna na hInstitiúidí difriúla. | Faoi dheireadh Bhliain 3 |
| 2 | Luafaidh an fhoireann fáilte ainm na hInstitiúide as Gaeilge agus as Béarla araon nuair a fhreagróidh siad an guthán. Cuirfear abairtíní Gaeilge, ina measc beannachtaí agus freagraí bunúsacha, ar fáil do bhaill foirne sa réimse sin. Táthar ag súil leis go mbeidh beannachtaí bunúsacha gutháin as Gaeilge ar eolas ag an bhfoireann fáilte agus go mbeidh an mhúinín acu déileáil le ceisteanna go dátheangach. | Láithreach Faoi dheireadh Bhliain 2 |
| 3 | Beidh lógó corparáide na hInstitiúide ar fáil go dátheangach agus beidh sé le feiceáil ar gach ceantásc litreach agus ar gach ábhar bolscaireachta. | Láithreach |
| 4 | Cuirfear seirbhísí comhairliúcháin na leabharlainne ar fáil go dátheangach, go himmheánach agus go seachtrach. | Láithreach |
| 5 | Déanfar suirbhé ar inniúlacht na foirne i dtaca le comhrá a dhéanamh | Faoi dheireadh |

| | | |
|----|---|---|
| | <p>as Gaeilge.</p> <p>Cuirfear oiliúint agus tacaíocht ar fáil do na baill foirne sin ar mian leo déileáil leis an bpobal agus seirbhísí áirithe a chur ar fáil as Gaeilge. Cuirfear liosta na mball foirne sin a shonrófar ar fáil don Fhoireann Fáilte agus ar shuíomh idirlín na hInstitiúide.</p> <p>Déanfar an suirbhé gach re bliain agus tabharfar an liosta cothrom le dáta.</p> | Bhliain 1 |
| 6 | <p>Beidh Plean Forbartha agus Oiliúna Foirne na nAcmhainní Daonna rithábachtach do chur i ngníomh rathúil. Is é éiteas IT Cheatharlach oiliúint agus forbairt foirne a chothú agus a spreagadh ar gach grád. Tá scileanna Gaeilge ar leibhéal bunúsach, measartha agus ard ag roinnt ball foirne cheana féin agus is é an aidhm atá againn cur leis na scileanna reatha sin agus baill eile foirne a spreagadh chun an Ghaeilge a fhoghlaim.</p> <p>Beidh aird ar an nGaeilge agus Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 mar chuid den chlár Ionduchtúcháin Foirne.</p> <p>Maidir le baill foirne a léireoidh spéis i bhforbairt a scileanna Gaeilge agus/nó i seirbhísí a chur ar fáil as Gaeilge san Institiúid, tabharfaidh Ceann Feidhme/Bainisteoirí na mball sin tacaíocht dóibh.</p> <p>Beidh Foirmeacha Iarratais Earcaíochta ar fáil go dátheangach. Beidh fógraí poist agus mionsonraí poist le fáil go dátheangach ar bhonn céimnithe thar na 3 bliana.</p> <p>Féadfar inmhianaitheacht nó riachtanas i leith líofacht Ghaeilge a chur san áireamh i sonraíochtaí poist, mar is cuí.</p> | <p>Faoi dheireadh Bhliain 1</p> <p>Faoi dheireadh Bhliain 3</p> |
| 7 | Ranganna Gaeilge a chur ar fáil do mhic léinn ar spéis leo tabhairt fúthu | Faoi dheireadh Bhliain 2 |
| 8 | Baill foirne ar spéis leo ballraíocht a bheith acu le heagraíochtaí seachtracha Gaeilge a spreagadh agus tacaíocht a thabhairt dóibh. | Faoi dheireadh Bhliain 2 |
| 9 | Maidir le cainteanna a thabharfaidh foireann IT Cheatharlach, ag imeachta inmheánacha agus seachtracha araon, beidh cuid den réamhrá as Gaeilge. | Faoi dheireadh Bhliain 2 |
| 10 | Beidh an leagan Gaeilge ar thaobh amháin agus an leagan Béarla ar an taobh eile de chártaí gnó na mball foirne. Beidh an Ghaeilge ar chártaí an mac léinn. | Faoi dheireadh Bhliain 1 |
| 11 | Beidh codanna den réamheolaire dátheangach, e.g. Ráiteas Misin, Fáilte ón Uachtarán. | Faoi dheireadh Bhliain 1 |
| 12 | Beidh codanna de lámhleabhar na mac léinn dátheangach, e.g. clúdach, Fáilte ón Uachtarán, Féilire agus leathanaigh Dhialainne. | Faoi dheireadh Bhliain 1 |
| 13 | Beidh codanna de Bhróisiúr an tSearmanais Bhronnta Céimeanna dátheangach, e.g. leathanaigh thosaigh. | Faoi dheireadh Bhliain 1 |
| 14 | Cuirfear cuirí chuig imeachtaí poiblí, e.g. laethanta oscailte, léachtaí, bronnadh céimeanna, etc., amach go dátheangach. <i>I.e.</i> beidh an leagan Gaeilge ar thaobh amháin agus an leagan Béarla ar an taobh eile de chuirí clóbhuailte. | Faoi dheireadh Bhliain 1 |
| 15 | Cruthófar seoladh ríomhphoist faoi leith le haghaidh cumarsáide as Gaeilge leis an Institiúid ón taobh amuigh. Beidh an seoladh sin le fáil ar shuíomh idirlín na hInstitiúide. Ní chuirtear aon séanadh ginearálta le ríomhtheachtaireachtaí amach as an Institiúid faoi láthair. Nuair a chuirfear a leithéid ar fáil, beidh sé dátheangach. | Faoi dheireadh Bhliain 1 |
| 16 | Beidh cuid den roghchlár ar shuíomh idirlín an hInstitiúide dátheangach. Beidh na cáipéisí bunaidh i mBéarla fós, áfach. | Faoi dheireadh Bhliain 3 |
| 17 | Beidh leathanach Chatalóg na Leabharlainn dátheangach. | Faoi dheireadh |

| | | |
|----|---|--------------------------------------|
| | | Bhliain 1 |
| 18 | Beidh Foirmeacha Iarratais, Bileoga Eolais agus Bróisiúir ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla araon, de réir an sceidil a leagtar amach in Aguisín 1. | Faoi dheireadh Bhliain 3 |
| 19 | Beidh preaseisiúintí ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla ag an am céanna. | Uair sa mhí faoi dheireadh Bhliain 2 |
| 20 | Bainfear úsáid as síniúcháin ríomhphoist i nGaeilge. | Faoi dheireadh Bhliain 2 |
| 21 | Cuirfidh Oifig na nGairmeacha deiseanna poist agus breisoideachais le Gaeilge in iúl d'fhoghlaimoirí. | Faoi dheireadh Bhliain 1 |
| 22 | Bunófar Duais na Gaeilge a bhronnfar gach bliain. Beidh an comórtas ar oscailt do mhic léinn i ngach disciplín ar mian leo a gcuid oibre dílse féin i nGaeilge, e.g. gearrscéal, dan, gearrscannán, gearrbheochan, físchluiche, etc., a chur isteach. | Faoi dheireadh Bhliain 3 |

3.3 An Scéim a Phoibliú

Tá an Institiúid meáite ar chothú na Gaeilge ar gach campas dá cuid.

Cuirfidh an Institiúid Plean Straitéiseach nua le chéile i rith shaolré na Scéime seo; léireofar tiomantas na hInstitiúide don Scéim seo agus d'fheabhsú leanúnach na seirbhísí dátheangacha sa phlean nua sin.

Tá ról tábhachtach ag Aontas na Mac Leinn i ngach gníomhaíocht agus foghlaim de chuid mhic léinn IT Cheatharlach; déanfar an tAontas a spreagadh chun ról lárnach a ghlacadh i gcothú na scéime.

Cumann Gaeilge, An Cumann Gaelach, a bhunú do mhic léinn na hInstitiúide.

Coiste Gaeilge a bhunú dóibhsean a bhfuil spéis acu i gcothú na Gaeilge san Institiúid agus bheadh idir bhaill foirne agus mhic léinn i dteideal ballraíochta.

Dul i mbun rannpháirtíochta le grúpaí áitiúla Gaeilge, e.g., Glór Cheatharlach, Gaeilge le Chéile, Pan Celtic, etc. Úsáid áiseanna an champais d'imeachtaí Gaeilge a spreagadh. (<http://www.glorcheatharlach.ie/>; <http://www.peig.ie/en/calendar/event/6043-gaeilge-le-cheile>; pancelticcarlow@gmail.com)

Tá an Institiúid meáite ar roinnt imeachtaí sóisialta a réachtáil i rith na bliana féilire acadúla chun an Ghaeilge a chothú agus chun deiseanna labhartha Gaeilge a chruthú do mhic léinn agus do bhaill foirne, e.g., Seachtain na Gaelige (<http://www.snag.ie>), Ciorcal Comhrá, etc.

Déanfaidh an Leabharlann ábhar Gaeilge atá ar fáil do mhic léinn agus do bhaill foirne araon a athbhreithniú, a thabhairt cothrom le dáta agus a chothú go gníomhach.

Tá an Institiúid meáite ar an Scéim seo a phoibliú i measc scoileanna Gaeltachta agus gaelscoileanna. Tabharfar tacaíocht do mhic léinn arb í an Ghaeilge a dteanga baile chun a gcuid Gaeilge a úsáid.

Bainfear úsáid as logainmneacha Gaeltachta mar loicrógá ar chlár agus ar bhunachair shonraí arna sainiú ar www.logainm.ie

Cothóidh suíomh idirlín na hInstitiúide an Ghaeilge go follasach.

Tosófar ag poibliú na Scéime Teanga san Institiúid ó thús bhliain 1.

CAIBIDIL 4

Cur i bhFeidhm

Is ar Fheidhmeannas Sinsearach na hInstitiúide a bheidh an freagracht tríd is tríd as cur i bhfeidhm na Scéime a chinntiú.

Bainfear é sin amach go príomh tríd an nGrúpa Bainistíochta, a dhéileálann le cúrsaí oibríochta thar ceann an Fheidhmeannais Shinsearaigh, agus le Coiste na Gaeilge (féach mír 1.3 thuas) freisin.

Déanfaidh Cinn Dáimhe/Roinne/Feidhme atá páirteach sa Scéim (idir acadúil agus riaracháin) an cur i bhfeidhm agus monatóireacht leanúnach.

Déanfaidh an Coiste Gaeilge:

- Córas a chruthú a dhéanfaidh cur i bhfeidhm na Scéime in IT Cheatharlach a shonrú, a mheas, a fhaire agus a athbhreithniú
- Monatóireacht leanúnach ar aiseolas ó úsáideoirí na Scéime
- Aird an phobail ar na seirbhísí a chuirtear ar fáil as Gaeilge a mheas
- Nithe is féidir a fheabhsú a shonrú.

Déanfaidh an Coiste Gaeilge athbhreithniú ar fheidhmiú na Scéime i gcomhar le Cinn Dáimhe/Roinne/Feidhme agus tuairisceofar na torthaí sin don Fheidhmeannas Sinsearach dhá uair sa bhliain (Mí na Nollag agus mí na Bealtaine).

Déanfar tagairt do dhul chun cinn na Scéime i dTuarascáil Bhliantúil na hInstitiúide freisin.

Déanfar córas foirmiúil um monatóireacht a dhéanamh ar iarratais ar sheirbhísí as Gaeilge ar fud na hInstitiúide a fhorbairt. Seans gurbh é a bheadh ann bunachar sonraí lárnach inar féidir le Cinn Dáimhe/Roinne/Feidhme iarratais ar sheirbhísí as Gaeilge a thaifeadh de réir mar a thiocfaidh siad chun cinn ina réimsí féin. Tacóidh an Leas-Uachtarán um Ghnóthaí Acadúla leis sin.

CAIBIDIL 5

An Scéim na Fhoilsiú

Déanfar a bhfuil sa Scéim agus na gealltanais a dhéanann Institiúid Teicneolaíochta Cheatharlach, mar aon leis na forálacha a ghabhann leo, a chur in iúl ar na bealaí seo a leanas:

- Foilsiú ar shuíomh idirlín na hInstitiúide
- Scaipfear an Scéim go himheánach ar gach ball foirne agus mac léinn san Institiúid via ríomhphost, i dteannta nóta ón Uachtarán.
- Cuirfear cóip den Scéim aontaithe ar aghaidh chuig n Coimisinéir Teanga, An Spidéal, Co. na Gaillimhe.
- Preaseisiúint agus fógráin
- Ócáid Seolta Oifigiúil
- Forálacha a fhógairt
- Scaipeadh ar ghníomhaireachtaí stáit, ar chomhlachtaí poiblí, ar bhoird oiliúna oideachais, ar scoileanna dara leibhéal, ar scoileanna Gaeltachta, ar ghaelscoileanna, ar choláistí FETAC, etc. de réir mar is cuí

Is é leagan Béarla na scéime an leagan oifigiúil.

AGUISÍN 1:

Cáipéisíocht a chur ar fáil go Dátheangach

| AN CHÉAD SCÉIM | AN DARA SCÉIM |
|---|---|
| An Roinn Acmhainní Daonna <ul style="list-style-type: none">Foirm Thosaigh d'Fostaithe NuaFoirm um Athrú ar Chúinsí FostaíFoirm éilimh d'obair pháirtaimsearthaFoirm Éilimh Thaistil agus ChothabhálaFoirm um Chead Neamhláithreachta Foirm um Shaoire BhreitheachtaFoirm um Shaoire EisceachtúilFoirm iarratais um ball foirne breise ACM/Neamh-ACMFoirm um Fhógra Foirceannta FoirneFoirm un Thuairisc Boird RoghnúcháinFoirmeacha iarratais Acadúla/Neamh-AcadúlaTreoirlínte um GhearrliostúFoirm um Shaoire MháithreachaisFoirm um Ghrinnfhiosrúcháin an Gharda SíochánaFoirm um Thuairisc LeighisFoirm iarratais OiliúnaFoirm Aiseolais OiliúnaFoirm um Dhearbhú Aisíocaíochta | An Roinn Acmhainní Daonna <ul style="list-style-type: none">Earcaíocht & RoghnóireachtBeartas PromhaidhDínit san Ionad OibreBeartas um Shaoire TuismitheoireachtaSaoire Mháithreachais/Saoire Mháithreachas gan PáSaoire AtharthachtaSaoire TruachróíochSaoire Bhreitheachta PostroinntFoirm un Fhostaíocht DhúbailteAn scéim um bliain oibre níos giorra Beartas an Scéime um Rothaíocht chun na hOibreAn Beartas um Úsáid RíomhairíCoimhlint Leasanna Gearán/AraíonachtUaireanta oibre inathraitheAn Scéim um Dhearbhán Cúraim Súl |
| An Leabharlann <ul style="list-style-type: none">Foirm iarratais um Ballraíocht LeabharlainneFoirm um Dheabhrú Cóipchirt do ThráchtaisLitir chun cuairt a thabhairt ar leabharlann eileFoirm iarratais um Chead IsteachFoirm iarratais um Ábhar nua a cheannach | |
| Riarachán Acadúil agus Gnóthaí na Mac Léinn <ul style="list-style-type: none">Foirm iarratais um Aistriú Cúrsa, CeatharlachFoirm iarratais um Aistriú Cúrsa, Loch GarmanFoirm iarratais do Mhic Léinn RochtanaFoirm un Iarchur do Mhic Léinn nach bhfuil sa chéad bhliain 2015/2016Foirm iarratais um Athdhéanamh agus FreastalFoirm um Tharraing Siar do Mhic LéinnFoirm Chlárúcháin 2015/2016 | Riarachán Acadúil agus Gnóthaí na Mac Léinn <ul style="list-style-type: none">Beartas um iarratais ar Aistriú Cúrsa, CeatharlachBeartas um iarratais ar Aistriú Cúrsa, Loch GarmanBeartas i dtaca le Foirm um Iarchur |

- Cuireadh chuig an Searmanas Bronnta Céimeanna
- Bróisiúr an tSearmanais Bhronnta Céimeanna (Clúdaigh agus réamhrá)
- Cárta Aitheantais (Cúl)
- Foirm Iarratais um Iontráil ag Céim Chun Cinn
- Gíoró Baine

AGUISÍN 2:

Struchtúr Eagraíochtúil

Cairt Bhainistíochta Institiúid Teicneolaíochta Cheatharlach

